

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine faoina (h)ainm agus ag freagairt na ceiste sin
Ag fiafraí de dhuine/dhaoine cé as iad agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 1.1A, Bileog 1.1B, Bileog 1.2 agus Bileog 1.3

- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang cén chéad ainm atá orthu. Scríobh an cheist a chuir tú ar an chlár dubh ansin agus iarr ar na foghlaimeoirí siúl timpeall agus an cheist a chur ar gach duine eile sa rang le haithne a fháil ar a chéile agus chun an abairt a chleachtadh.

- *Cén chéad ainm atá ort? / Cén t-ainm baiste atá ort?*

- Scríobh an abairt *Cén sloinne atá ort?* ar an chlár dubh. Cuir ceist ar an rang cad is brí leis. Abair leis an rang ansin an cheist a chur ar na foghlaimeoirí eile.
- Anois cuir ceist ar chúpla duine sa rang cé as dóibh. Scríobh an abairt ar bhain tú féin úsáid aisti ar an chlár dubh. Fiafraigh den rang cad iad na bealaí eile leis an cheist chéanna a chur sna canúintí éagsúla:

- *CU: Cé as tú/sibh?*

- *CC: Cé as duit/daoibh?*

- *CM: Cad as duit/daoibh?*

- Abair thusa leis an rang ansin cé as duit agus cá bhfuil tú i do chónaí. Scríobh ar an chlár dubh é má cheapann tú nach bhfuil na foghlaimeoirí cinnte faoin struchtúr. Iarr ar gach duine sa rang a rá os ard cé as iad agus cá bhfuil siad ina gcónaí (déan dul siar ar an struchtúr *Cá bhfuil tú i do chónaí?* chomh maith).
- Iarr ar na foghlaimeoirí seasamh suas, siúl timpeall, agus an t-eolas ar fad go dtí seo a fháil ó chúpla duine eile sa rang má cheapann tú go bhfuil an cleachtadh de dhíth orthu.

- Cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Tabhair **Bileog 1.1A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 1.1B** don duine eile.
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag fáil eolais faoi theaghlach, agus go bhfuil eolas difriúil faoi na baill éagsúla ag an bheirt acu. Abair leo ceisteanna a chur ar a chéile leis an eolas atá in easnamh a aimsiú.
- Scríobh an dá cheist seo a bheas de dhíth orthu ar an chlár dubh:

Cén chéad ainm atá air/uirthi? / Cén t-ainm atá ar an athair?

Cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí?

- Scríobh an comhrá samplach seo ar an chlár dubh chomh maith:

- *Cén chéad ainm atá ar an mháthair?*

- *Siobhán.*

- *Agus cá bhfuil sí ina cónaí?*

- *I gCluain Sceach.*

- Scaip **Bileog 1.2** orthu agus mínigh dóibh gur cleachtadh é ar an dóigh le sloinnte a scríobh mar is ceart i nGaeilge. Caithfidh siad na baill teaghlaigh ó **Bhileoga 1.1A agus B** a scríobh sa chrann.

Freagraí:

Siobhán Bean Mhic Gearailt

Peadar Mac Gearailt

Seán Mac Gearailt

Pól Mac Gearailt

Ciara Nic Gearailt

Clár Nic Gearailt

- Mínigh an patrún chun a bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí é: Tá difríocht ann idir mná an teaghlaigh agus fir an teaghlaigh. Ciallaíonn **Mac** *son of* agus ciallaíonn **Nic** *daughter of*. Ní chuirtear séimhiú ar cheachtar acu sa chás seo. Siobhán Bean Mhic Gearailt – an tuiseal ginideach atá i gceist anseo: *the wife of the son of Gearailt*.
- Iarr orthu na ceisteanna sa bhosca a phlé leis an duine in aice leo. *Mac Gearailt*: aistriú ón ainm Lochlannach *Fitzgerald: the son of Gerald*.
- Scaip **Bileog 1.3** ar an rang.
- Mínigh dóibh nach bhfuil sa chleachtadh seo ach aird na bhfoghlaimeoirí a dhírú ar chúlra shloinnte na hÉireann.
- Caithfidh siad an leagan Gaeilge de na cúigí a cheangal leis na siombail sna cearnóga.
- Caithfidh siad ansin na sloinnte Gaeilge a cheangal leis na sloinnte céanna i mBéarla atá sna boscaí a bhaineann leis na cúigí.
- Iarr orthu labhairt le cúpla duine sa rang ansin le heolas a aimsiú faoi na sloinnte atá acu féin.

Feidhm: Ag cur ceiste faoi náisiúntacht agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 1.4 agus Bileog 1.5

- Scríobh na habairtí a leanas ar an chlár dubh:
 - *Is as an Pholainn é.*
 - *Is as Contae Mhaigh Eo mé.*
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin agus iarr orthu an cheist chuí a chumadh do na habairtí thuas.

- Déan druil leis an rang ansin ag cleachtadh an struchtúir. Cuir an cheist ar dhaoine áirithe cé as iad agus cé as daoine eile sa rang. Mar shampla:

Cé as duit a Phóil?



Cé as Siobhán, a Sheáin?

- Cuir ceisteanna ar nós na ceiste thíos ar dhaoine sa rang. Bí cinnte go dtugann siad na freagraí cearta diúltacha agus dearfacha duit.

- *An as an Pholainn tú?*
- *Is ea/ní hea*

- Iarr orthu ansin an cheist thuas nó ceist cosúil léi a chur ar dhaoine eile sa rang.
- Scaip **Bileog 1.4** ar an rang agus abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna.
- Iarr orthu na tíortha a phlé ar dtús le bheith cinnte go bhfuil gach tír ar eolas acu, ansin iarr orthu an duine ón tír sin a scríobh i nGaeilge.
- Téigh thusa fríd an cleachtadh le bheith cinnte go bhfuil an litriú ceart acu:

<i>Spáinneach</i>	<i>Francach</i>	<i>Beilgeach</i>
<i>Ollannach</i>	<i>Sualannach</i>	<i>Fionlannach</i>
<i>Polannach</i>	<i>Gréagach</i>	<i>Portaingéalach</i>
<i>Rúiseach</i>	<i>Astrálach</i>	<i>Afracach</i>
<i>Síneach</i>	<i>Seapánach</i>	<i>Sasanach</i>
<i>Meiriceánach</i>		

-  Tabhair tamall dóibh a machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfoghlaímíonn siad stór focal.
-  Iarr orthu smaoineamh ansin faoi cheist inscne na dtíortha. Bíonn na tíortha baininscneach de ghnáth (seachas Sasana, Meiriceá agus Ceanada).
- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag imirt cluiche anois ar nós 20 ceist, agus go mbeidh siad ag úsáid an dá cheist ag bun an leathanaigh. Níl cead acu ach na freagraí 'Is ea/Ní hea' a thabhairt. Mar shampla:

- *An Sasanach tú?*
- *Is ea/Ní hea*
- *An as an Spáinn tú?*
- *Is ea/Ní hea*

- Abair le gach duine sa rang tír a scríobh ar pháipéir ach gan í a thaispeáint don duine in aice leo.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus abair leo na ceisteanna thuas a chur ar a chéile go dtí go roghnaíonn siad an tír gurb as an duine eile.

- Má cheapann tú go bhfuil tuilleadh cleachtaidh a dhíobháil orthu ar an struchtúr seo cuir gach duine ag obair le daoine eile chun an cleachtadh a dhéanamh arís.
- Scaip **Bileog 1.5**. Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag léamh na gcártaí poist leis an duine in aice leo agus go mbeidh siad ag glacadh sealanna na cártaí a léamh amach os ard.
- Is é atá scríofa ar na cártaí ná cur síos iontach gairid ar thréith faoi leith tíre nó an chúis go bhfuil an tír áirithe sin clúiteach. Caithfidh na foghlaimeoirí tomhas cad iad na tíortha atá i gceist:

1 – An Bheilg, 2 – An Pholainn, 3 – An Fhrainc, 4 – An Astráil.

- Tabhair seans do gach beirt a smaointe a nochtadh faoi Éirinn agus a scríobh ar an chárta poist folamh ag bun an leathanaigh.
- Ansin iarr orthu cártaí poist a mhalartú agus cinn le foghlaimeoirí eile a léamh.

Feidhm: **Ag fiafraí de dhuine/dhaoine cén seoladh atá acu agus ag freagairt na ceiste sin**

Bileog 1.6

- Scríobh an cheist seo ar an chlár dubh:
 - *Cén seoladh atá agat?*
- Iarr ar chúpla duine sa rang a seoltaí a thabhairt duit. Scríobh sampla de sheoladh ar an chlár dubh - mar shampla:

Sa chaint

*Uimhir a haon, Bóthar an Bhaile Bhuí
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall*

Scríobh

*1 Bóthar an Bhaile Bhuí
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall*

- Abair leo labhairt le triúr eile sa rang le seoltaí na ndaoine sin a fháil. Abair leo na seoltaí a scríobh síos ón mhéid atá le rá ag an duine an oiread agus is féidir. Abair leo a bhfuil scríofa acu a thaispeáint don duine a thug an seoladh dóibh le feiceáil an raibh an seoladh ceart acu. Is féidir úsáid a bhaint as an cheist seo: *An bhfuil sé seo ceart?*
- Scaip **Bileog 1.6** ar an rang agus tabhair seans do gach duine an fhoirm a líonadh sula labhraíonn siad leis an duine in aice leo le feiceáil ar thuig siad an fhoirm mar is ceart.
- Eagraigh an plé ag bun an leathanaigh agus éist leis na smaointe a bheidh acu.

Feidhm: Ag lorg eolais faoin áit a bhfuil duine ina c(h)ónaí agus ag tabhairt an eolais sin

Bileog 1.7

- Scaip **Bileog 1.7** ar an rang agus tabhair seans do gach beirt plé a dhéanamh ar na focail ar bharr an leathanaigh. Téigh siar ar na focail ar fad leis an rang iomlán. Bí cinnte go bhfuil an chiall cheart ag gach duine.
- Faigh focail eile ón rang cosúil leis na focail seo: *i lár, ar thaobh, gar do* etc.
- Abair leo féachaint ar na logainmneacha a bheas le cloisteáil ar an téip agus tabhair seans dóibh na hainmneacha Béarla a cheangal leis na hainmneacha Gaeilge.
- Míinigh dóibh ansin go mbeidh siad ag éisteacht le beirt ag déanamh cur síos ar an cheantar a bhfuil siad ina gcónaí ann gan ainm na háite a lua. Caithfidh na foghlaimoirí an áit a aimsiú ar an mhapa ón mhéid a chloiseann siad ar an téip.
- Míinigh dóibh chomh maith go bhfuil na mapaí i mBéarla ach go labhraíonn na cainteoirí faoi na háiteanna i nGaeilge.
- Cuir ag obair ar an gcuntas beag scríofa i mbeirteanna iad agus iarr orthu an píosa a scríobh i gceart mar obair bhaile.
- Ansin pléigh na logainmneacha sa bhosca.

Feidhm: Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi áiseanna

Bileog 1.8

- Scaip **Bileog 1.8** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Abair leo an leathanach a fhilleadh - iarr ar dhuine amháin labhairt faoin phictiúr faoi dhuine A agus an duine eile labhairt faoin phictiúr faoi dhuine B.
- Scríobh na ceisteanna seo ar an chlár dubh le cuidiú leo:
 - *An bhfuil áiseanna maithe i do cheantar?*
 - *Cén cineál áite í?*
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang insint duit faoin phictiúr atá acu agus déan plé ginearálta leis an rang faoin saol faoin tuath agus faoin saol uirbeach – cabhraigh leo teacht ar stór focal oiriúnach agus cuir leis an méid atá ar eolas acu.
- Ceartaigh botún ar bith a chloisfidh tú le linn na gníomhaíochta.

Feidhm: Ag rá go bhfuil gá le háiseanna
 Ag lorg tuairimí faoi cheantar
 Ag cur tuairimí dearfacha in iúl faoi cheantar
 Ag cur tuairimí diúltacha in iúl faoi cheantar

Bileog 1.9 agus Bileog 1.10

- Scaip **Bileog 1.9** ar an rang agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag léamh píosa faoi cheantar dúchais duine.
- Iarr ar gach beirt suí le chéile agus an stór focal ag barr an leathanaigh a phlé le chéile.
- Iarr orthu ansin an píosa a léamh faoi dhó, an bheirt acu ag glacadh sealanna an píosa a léamh os ard.
- Léigh thusa an píosa leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Fiafraigh den rang an bhfuil tearmann ar bith acu féin ar nós na háite seo.

- Ansin, mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le hAoife Ní Chonchúir ag caint faoin áit a bhfuil sí féin ina cónaí.
- Cuir an téip ar siúl agus tabhair tamall do gach beirt na ceisteanna a fhreagairt le chéile. Ansin abair leo a gcuid freagraí a chur i gcomparáid agus ceartaigh na freagraí leis an rang iomlán. Éist leis na haidiachtaí a bhailigh siad agus scríobh ar an gclár iad.

- Scaip **Bileog 1.10** ar an rang agus cuir in iúl dóibh gur cleachtadh scaoilte go leor é seo chun cleachtadh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo.
- Tabhair seans do gach triúr an oiread stór focal agus is féidir a bhreacadh sna ‘scamaill’ (focail atá cosúil leis an stór focal atá ann cheana féin).
- Tabhair seans dóibh chomh maith féachaint ar an chomhrá samplach le cuidiú leo.
- Nuair atá tuilleadh focail curtha sna scamaill acu iarr ar gach triúr obair le chéile leis na ceisteanna a fhreagairt.
- Bí thusa thart le linn na gníomhaíochta le ceist ar bith a bheadh acu a fhreagairt.
- Nuair atá a gcuid cainte thart ceartaigh botún ar bith a thiocfaidh chun cinn le linn na gníomhaíochta.